

Tionscadail Phobail

Osclóidh Forbairt Áitiúil Loch Garman do léirithe spéise (EOlanna) d'iarratais ar chúnamh deontais pobail faoin gClár LEADER ón Luan 8^ú Samhain go dtí meánlae Dé Luain 22^ú Samhain 2021. I measc na dtionscadal atá incháilithe do mhaoiniú LEADER tá; oibreacha tógála /tionscadail athchóirithe, ceannach trealaimh, láithreáin ghréasáin a fhorbairt / ábhair mhargaíochta nua a fhorbairt, oiliúint agus staidéir fhéidearthachta. Tá fáilte roimh léirithe spéise faoi aon cheann/gach ceann de na téamaí pobail; bailte agus sráidbhailte tuaithe, cuimsiú sóisialta agus an comhshaol.

Ba cheart do ghrúpaí pobail a bhfuil spéis acu ann foirm EOI a chomhlánú agus a chur isteach faoi **Dé Luain 22^ú Samhain ag 12 meánlae**. Is féidir an EOI a fháil anseo.

Is é an buiséad iomlán don ghlaó seo ná €650,000. Socraítear íosmhéid na cabhrach deontais ag €5,000 agus is é an t-uasmhéid ná €75,000. Is iad seo a leanas rátaí cúnamh deontais:

Cineál Tionscadail	% de chostais iomlána an tionscadail atá incháilithe le haghaidh cúnamh deontais
Oibreacha tógála, ceannach trealaimh, ábhair mhargaíochta a fhorbairt	75%
Staidéir Féidearthachta	90%
Oiliúint	100%

Le hghaidh tuilleadh eolais ar mhaoiniú atá ar fáil agus chun do smaointe tionscadail a phlé, téigh i dteagmháil le hOifigeach Tionscadail LEADER dod'cheantar le do thoil.